# Rúibric Shamplach do Chineálacha Scríbhneoireachta

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Mo scéal féin | Bhain mé úsáid as an aimsir láithreach | Thug mé eolas agus rinne mé cur síos ar chúrsaí reatha | Ní raibh ord cróineolaíoch i mo chuid scríbhneoireachta | Thug mé sonraí agus tuairimí pearsanta agus chuir mé mo mhothúcháin in iúl | Bhain mé úsáid as poncaíocht cuí* |
| Scéal/Eachtra | Bhain mé úsáid as an aimsir chaite (agus an aimsir fháistineach?) | Chruthaigh mé suíomh le ham, áit, ócáid agus daoine agus chuir mé mo mhothúcháin in iúl | Bhí ord cróineolaíoch i mo chuid scríbhneoireachta | Rinne mé athinsint ar imeachtaí chun eolas a thabhairt nó mar spraoi. | Bhain mé úsáid as poncaíocht cuí* |
| Léarmheas ar Litríocht | Bhain mé úsáid as an aimsir láithreach, an aimsir chaite an aimsir fháistineach, an modh choinníollach agus an saorbhriathar | Rinne mé tagairt don phíosa litríochta go rialta. Bhain mé úsáid as línte sa phíosa litríochta chun tacú le mo phointe agus chuir mé mo mhothúcháin in iúl | Bhain mé úsáid as chónaisc loighciúla m.sh: mar, dá bhrí sin, ar an mbonn sin, dá thairbhe, cibé ar bith, cé is móite… | Bhain mé úsáid as Nathanna mar: ansin, ina dhiaidh sin, tar éis, mar, mar sin, dá bhrí sin… | Bhain mé úsáid as poncaíocht cuí* |
| Cárta Poist/<br><br>Ríomhphost | Bhain mé úsáid as an aimsir láithreach, an aimsir chaite agus an aimsir fháistineach | Scríobh mé dáta, beannú agus críoch oiriúnach agus scríobh mé rud faoi gach ábhar ar an gceist | Bhí ord cróineolaíoch i mo chuid scríbhneoireachta | Thug mé sonraí agus tuairimí pearsanta agus chuir mé mo mhothúcháin in iúl | Bhain mé úsáid as poncaíocht cuí* |
| Litir | Bhain mé úsáid as an aimsir láithreach, an aimsir chaite, an aimsir fháistineach agus an modh choinníollach | Scríobh mé seoladh, dáta, beannú agus críoch oiriúnach agus scríobh mé rud faoi gach ábhar ar an gceist | Bhí ord cróineolaíoch i mo chuid scríbhneoireachta | Thug mé sonraí agus tuairimí pearsanta | Bhain mé úsáid as poncaíocht cuí* |
| Aiste/<br><br>Díospóireacht (Óráid) | Bhain mé úsáid as an aimsir láithreach, an aimsir chaite an aimsir fháistineach, an modh choinníollach agus an saorbhriathar | Bhí cúig phríomh phointe agam. Leag mé amach an scéal mar atá i láthair na huaire agus rinne mé moltaí mar réiteach ar fhadhbanna | Rinne mé tagairt don teidil ag tús gach phointe agus bhain mé úsáid as Poncaíocht cuí* | Chuir mé argóintí, fianaise agus samplaí os comhair an léitheora | Bhain mé úsáid as Nathanna mar: ansin, ina dhiaidh sin, tar éis, mar, mar sin, dá bhrí sin… |
| Cuireadh | Bhain mé úsáid as an aimsir láithreach, an aimsir fháistineach, an modh choinníollach agus an modh ordaitheach | Rinne mé cur síos ar an ócáid.<br>Thug mé data, am agus suíomh.<br>Thug mé cuireadh teacht.<br>D'iarr mé freagra RSVP | Bhí ord cróineolaíoch i mo chuid scríbhneoireachta | Thug mé sonraí pearsanta agus chuir mé mo mhothúcháin in iúl. | Bhain mé úsáid as poncaíocht cuí* |
| Poncaíocht* | *Bhain mé úsáid as ceannlitreacha ag tús abairte, ar ainmneacha pearsanta agus logainmneacha. Bhain mé úsáid chuí as an gcamóg, comhartha uaillbhreasa, comhartha ceiste agus an lán stad. | | | | |